

# An Cruinniú Ginearálta Bliantúil

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is CGB ann?	2
An féidir le cuideachtaí áirithe a shocrú gan CGB a eagrú?	2
Cé hiad na comhaltaí?	3
Clár na gcomhaltaí	3
Conas a dhéantar comhalta de dhuine?	4
Cé mhéad comhalta a bhíonn i gcuideachta?	4
Cad is cuspóir don CGB?	4
Cé a dhéanann CGB a thionól?	5
Cá gcuirtear CGB ar siúl?	5
An bhfuil de cheart ag comhaltaí fógra a fháil faoi CGB?	6
Conas a thugtar an fógra do na comhaltaí?	6
Cad is gá a lua san fhógra?	7
Cad is ionadaíocht ann?	7
Cad is córam ann?	7
Cad a tharlaíonn mura mbíonn córam i láthair?	8
Cé a dhéanann an CGB a rith?	8
Conas a dhéantar cinneadh ag CGB?	9
Conas a dhéantar an vótáil?	9
Cé a choinníonn tuairisc ar a dtarlaíonn ag CGB?	10
Cad a tharlaíonn sa chás nach dtionólann na stiúrthóirí CGB?	10

## Maidir leis an Treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn a mhíniú cén fáth ar gá don chuid is mó de na cuideachtaí Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) a eagrú.

Níl sa treoir seo ach cuntas achomair ar na rialacha maidir le CGB. Sa chás go bhfuil CGB chuideachta faoi leith ina ábhar buartha agat, ba chóir duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhlíodóir.

## Cad is CGB ann?

---

Is cruinniú de chuid na cuideachta an CGB ag ar féidir leis na comhaltaí ceistanna a chur agus eolas a fháil faoin gcuideachta. Tá ceangailte ar chuideachtaí áirithe CGB a thionól gach bliain. Ní féidir tréimhse is faide ná 15 mí a ligean ó thráth CGB amháin go dtí an chéad cheann eile.

## An féidir le cuideachtaí áirithe a shocrú gan CGB a eagrú?

---

Is féidir. Is féidir leis an gcuideachta phríobháideach theoranta (TEO) agus le roinnt cuideachtaí comhalta aonair a shocrú nach n-eagrófar CGB. Tá rialacha speisialta i bhfeidhm i gcásanna den sórt sin.

### Cuideachta TEO

- Ní mór do chomhaltaí uile na cuideachta TEO (nuair is mó ná aon chomhalta amháin sin) rún i scríbhinn gan CGB a thionól a aontú agus a shíniú.
- Ní mór an rún a aontú roimh an dáta deiridh maidir leis an CGB a thionól.

- Ní mór do gach comhalta a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil ráitis airgeadais na cuideachta faighte acu agus go n-aontaíonn siad le nithe eile arbh iondúil socrú ina leith ag an CGB.
- Bíonn an dlisteanas céanna leis an rún seo a bheadh le rún a rithfí ag cruinniú ginearálta.

### **Cuideachta comhalta aonair**

- Ní mór don chomhalta aonair scríobh chuig an gcuideachta agus a chur in iúl go bhfuil socraithe ag an gcomhalta gan CGB a thionól.
- Ní mór don chuideachta na ráitis airgeadais agus doiciméid eile a sheoladh chuig an gcomhalta. Is iad na doiciméid iad a sheolfaí chuig an gcomhalta de ghnáth roimh an CGB.

### **Cé hiad na comhaltaí?**

---

Is duine d'úinéirí na cuideachta an comhalta a mbíonn a (h)ainm luaite ar chlár na gcomhaltaí.

### **Clár na gComhaltaí**

---

Ní foláir do gach cuideachta clár de na comhaltaí a choimeád. Luaitear ainm agus seoladh gach comhalta ar an gcáipéis sin maille leis an dáta a ndearnadh comhalta díobh. Is féidir le comhalta ar bith clár na gcomhaltaí a scrúdú saor ó tháille.

## Conas a dhéantar comhalta de dhuine?

---

Tá dhá bhealach ann:

1. Nuair a bhunaítear cuideachta, déantar sa ghnáthchúrsa comhaltaí de na daoine a chuir ar bun í, fiú mura gcuirtear a gcuid ainmneacha ar chlár na gcomhaltaí.
2. Is féidir le daoine eile roghnú a bheith ina gcomhaltaí. Leagtar amach i rialacha na cuideachta cé na daoine a fhéadann a bheith ina gcomhaltaí agus an modh ina ndéantar comhalta díobh. Nuair a aontaíonn duine a bheith ar na comhaltaí, cuirtear ainm an té sin le clár na gcomhaltaí.

## Cé mhéad comhalta a bhíonn i gcuideachta?

---

Faoin dlí, ní mór ar a laghad aon chomhalta amháin i ngach cuideachta. Níl aon uaslíon comhaltaí i gceist leis an gcuid is mó de na cuideachtaí. Tá dhá chás eisceachta ina leith sin:

- cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO), agus
- cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA) mar a bheadh i gceist le carthanas, cumann ceirde nó cumann spóirt.

Faoin dlí, ní féidir líos is mó ná 149 comhalta i gcuideachta de cheachtar den dá chineál sin.

## Cad is cuspóir don CGB?

---

Tugann an CGB deis gach bliain do na comhaltaí bualadh leis na stiúrhóirí, ceisteanna a chur agus eolas a fháil maidir leis an gcuideachta. Is é an príomhghnó a dhéantar ag an CGB:

- ráitis airgeadais na cuideachta a bhreithniú;
- folúntais ar bhord na stiúrthóirí a líonadh;
- iniúcháirí a cheapadh; agus
- díbhinn (íocaíocht leis na comhaltaí) a fhógairt.

Is féidir cúrsaí eile a phlé ag an CGB agus vótáil ina leith.

## Cé a dhéanann CGB a thionól?

Is iondúil gurb é bord na stiúrthóirí a dhéanann CGB a thionól agus a iarrann ar rúnaí na cuideachta scríobh chuig na comhaltaí chun sin a chur in iúl dóibh. Ní mór an fógra sin a bheith de réir na rialacha a leagtar síos i ndlí na gcuideachtaí.

## Cá gcuirtear an CGB ar siúl?

Is sa Stát a thionóltar CGB cuideachta go hiondúil mura dtarlaíonn:

- a) go n-aontaíonn na comhaltaí ar fad i scríbhinn, atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil, lena thionól taobh amuigh den Stát; nó
- b) gur vótáil na comhaltaí ag an CGB deireanach an chéad chruinniú eile a thionól taobh amuigh den Stát; nó
- c) go bhfuil leasú déanta ag an gcuideachta ar na rialacha inmheánacha ionas gur ceadmhach an CGB a thionól taobh amuigh den Stát.

Ní luaitear faoin dlí gur gá an CGB a thionól in aon áit faoi leith sa Stát. Is féidir leis na stiúrthóirí socrú ar ionad an CGB nó d'fhéadfadh go luaitear an t-ionad ina n-eagraítear an CGB i rialacha na cuideachta.

## An bhfuil de cheart ag comhaltaí fógra a fháil faoi CGB?

---

Tá de cheart ag comhaltaí na cuideachta fógra a fháil faoi CGB. Ba chóir an fógra a sheoladh ar a laghad 21 lá sula dtionóltar an CGB (gan an lá a seoltar an fógra ná an lá a dtionóltar an cruinniú a áireamh). An ‘tréimhse fógra’ a thugtar ar an tréimhse seo.

Níl cead ag cuideachta fógra níos giorra ná sin a thabhairt ach amháin sa chás go n-aontaíonn iniúchóirí na cuideachta agus na comhaltaí ar fad atá i dteideal teacht i láthair ina leith sin.

## Conas a thugtar an fógra do na comhaltaí?

---

Is féidir leis an gcuideachta:

- an fógra i scríbhinn a thabhairt don chomhalta isteach ina lámh;
- an fógra a sheoladh ar an bpost; nó
- an fógra a sheoladh ar bhealach leictreonaice, má chheadaítear sin faoi rialachaa na cuideachta.

Sa chás nach gceadaítear faoi rialacha na cuideachta fógra a sheoladh ar mhodh leictreonaice, is féidir leis na comhaltaí na rialacha a leasú. Chun sin a dhéanamh, ní mór don chuideachta rún a chur os comhair na gcomhaltaí ar féidir vótáil air ag CGB nó ag Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU). Ní mór aontú 75% ar a laghad díobh siúd a vótáileann ag an CGB leis an athrú.



## Cad is gá a lua san fhógra?

---

Is iondúil go mbíonn an t-eolas seo a leanas leis an bhfógra:

- dáta, tráth agus ionad an chruinnithe;
- clár na hoibre (liosta de na hábhair ar fad a mbeidh plé agus vótáil á dhéanamh orthu ag an CGB);
- ráitis airgeadais na bliana, lena n-áirítear tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil na n-íniúcháirí (más ann di); agus
- nóta ina gcuirtear in iúl do chomhaltaí go bhfuil de cheart acu ionadaí a cheapadh agus foirm ionadaíochta.

## Cad is ionadaíocht ann?

---

Is féidir le comhalta ar bith nach bhfuil ar a c(h)umas teacht i láthair ag cruinniú duine a cheapadh (ar a dtugtar ‘ionadaí’) chun freastal ar an gcruinniú thar ceann an chomhalta. Tá na cearta céanna ag an ionadaí a bheadh ag an gcomhalta maidir le vótáil agus labhairt ag cruinniú.

## Cad is córam ann?

---

Is líon áirithe comhaltaí an córam nach mór a bheith i láthair (go pearsanta iad féin nó ionadaí thar a gceann), ag CGB ionas gur cruinniú dlisteanach atá ann.

Is é an líon comhaltaí is gá chun córam a bheith i láthair:

- i gcás cuideachta comhalta aonair, **aon** chomhalta amháin; agus
- i gcás cuideachta de gach cineál eile, **beirt** chomhaltaí.

Is féidir córam níos airde a shocrú faoi rialacha na cuideachta.

## Cad a tharlaíonn mura mbíonn córam i láthair?

---

Sa chás nach mbíonn córam i láthair taobh istigh de 15 nóiméad ón tráth atá leagtha amach do thús an CGB, ní mór don chathaoirleach an cruinniú a chur ar athló go ceann seachtaine nó go dtí dáta eile a roghnaíonn na stiúrthóirí.

Sa chás nach mbíonn córam i láthair ag an athchruinniú taobh istigh de 30 nóiméad ón tráth atá leagtha amach do thús an chruinnithe, beidh a bhfuil i láthair de chomhaltaí ina chóram agus is féidir leanacht ar aghaidh leis an gcruinniú.

Ní féidir plé ag cruinniú a ndéanar ationól air le haon ghnó seachas an gnó a bhí fágtha le plé an tráth ar cuireadh an CGB ar atráth.

Sa chás go ndéantar cruinniú a chur ar athló go ceann 30 lá nó níos faide ná sin, ní mór fógra faoin gcruinniú atá á ationól a thabhairt do na comhaltaí.

## Cé a dhéanann an CGB a rith?

---

Cinntíonn an cathaoirleach go dtéann an cruinniú ar aghaidh mar ba chóir. Is iondúil gur duine de na stiúrthóirí an cathaoirleach. Ina ainneoin sin, sa chás nach bhfuil aon duine de na stiúrthóirí i láthair nó nach bhfuil aon stiúrthóir toilteanach cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú, is féidir leis na comhaltaí atá i láthair comhalta a cheapadh chun feidhmíú mar chathaoirleach. D'fhéadfadh rialacha eile a bheith sa bhunreacht ag cuideachtaí áirithe maidir le cathaoirleach a cheapadh.

## Conas a dhéantar cinneadh ag CGB?

---

Déanann na comhaltaí vótáil chun cinneadh ar na míreanna oibre a luaitear ar an gclár. Rún a thugtar a chinneadh a dhéantar. Tá dhá chineál rún ann:

- gnáthrún a úsáidtear chun cinneadh maidir leis an gcuid is mó de ghnó na cuideachta. Tromlach simplí de na vótaí a chaitear ag an gcruinniú (50% móide aon vóta amháin) is gá chun gnáthrún a rith;
- rún speisialta a úsáidtear chun cinneadh maidir le gnó tábhachtach faoi leith. Bíonn tromlach 75% de na vótaí de dhíth chun rún speisialta a rith.

## Conas a dhéantar an vótáil?

---

Déantar an vótáil ag CGB ar cheann de dhá bhealach:

- taispeáint lámh – sa chás go mbíonn aon vóta amháin ag gach comhalta atá i láthair (nó ag ionadaí comhalta) agus go gcuireann siad lámh in airde chun vótáil a dhéanamh; nó
- vótaíocht – déantar comhaireamh na vótaí sa chás go mbíonn aon vóta amháin ag gach comhalta atá i láthair (nó vóta trí ionadaíocht) in aghaidh gach scair dá bhfuil ina seilbh.

Is iondúil gur le taispeáint lámh a dhéantar vótáil ag CGB mura n-éilíonn comhalta go ndéantar vótaíocht. D'fhéadfadh rialacha maidir leis an vótáil a bheith ag cuideachtaí éagsúla, mar shampla riail nach féidir le comhalta vótáil ag CGB má tá tãillí nó airgead dlite uathu don chuideachta.

## Cé a choinníonn tuairisc ar a dtarlaíonn ag CGB?

---

Miontuairiscí a thugtar ar an tuairisc a choinnítear ar chruinnithe cuideachta. Ní mór do gach cuideachta leabhar miontuairiscí a choimeád ina gcoinnítear tuairisc ar a dtarlaíonn ag na cruinnithe ginearálta. An chuideachta a shocraíonn cé a choinníonn na miontuairiscí.

Tá de cheart ag comhaltaí miontuairiscí agus rúin na gcrúinnithe ginearálta a scrúdú agus cóipeanna a fháil díobh. Is iad na miontuairiscí a cheadaíonn an cathaoirleach nó na comhaltaí ag tús an chéad CGB eile miontuairiscí oifigiúla an chruinnithe. Ní féidir a bheith ar fáil ach an t-aon leagan amháin de na miontuairiscí oifigiúla ar taifead foirmeálta iad ar na socrúithe a rinneadh ag an CGB.

## Cad a tharlaíonn sa chás nach dtionóllann na stiúrthóirí CGB?

---

Sa chás nach dtionóllann bord na stiúrthóirí CGB, is féidir le comhalta den chuideachta a iarraidh ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach CGB a ghairm nó a ordú go ndéantar CGB a thionól. Níor mhór don chomhalta, chuige sin, foirm gearáin fhoirmeálta a líonadh isteach agus a sheoladh chuig an Oifig. Is féidir an fhoirm don ghearán sin a tharraingt anuas ón roinn 'Foirmeacha agus Modhanna' ar [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

## Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar chuideachtaí faoin dlí i ndáil le Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB). Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d'Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas nó easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*